# DUILLEOG





## Nuachtlitir Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair

Uimh. 30 Samhradh 2014


# Comórtas na mBailte Slachtmhar

Tá iarratas déanta ag fó-choiste an Bhaile Slachtmhar ar chomórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhar don chead uair i mbliana.  Sé an cheantar atá i gceist no ó dhroichead an Bhun Bhig go Pobalscoil Ghaoth Dobhair.

Tá cuid mhór oibre déanta le goirid leis an áit a ghlanadh suas agus é a choinneáil glan.

Buíochas do na scéimeanna fostaíochta pobail agus do na daoine atá ag obair go deonach.

Ba mhaith linn bhur dtacaíocht a bheith leis an iarratas, agus tá muid ag iarraidh ar ghnóanna áitiúla iarracht mhaith a dhéanamh:

- An taobh amuigh dá gcuid Siopaí/Ionaid gnó a choinneáil glan agus néata.
- Maisiú a dhéanamh ar a gcuid siopaí/ionaid gnó m.sh, bláthanna a chrochadh amuigh srl.
- Comharthaíocht Ghaeilge a chur amach.  Tá comhairle agus tacaíocht ar fáil ó Fhorás na Gaeilge le cuidiú le comharthaíocht úr trí Ghaeilge. Labhair le Colm nó Caitríona ag 074 95 58126.

Tá seo ar mhaithe leis an phobal go léir agus tá sé tábhachtach go n-oibreoidh an pobal uilig le chéile.  Cruthaíonn sé spiorad maith pobail, meallfaidh sé turasóirí agus pillfidh na daoine a thagann ar cuairt chuig an cheantair arís.

**Cuidigh linn Gaoth Dobhair a choinneáil glan.**

# Lá Cholmcille

Bhí Aifreann sa Chrannóg Dé Luain 9ú Meitheamh le Lá Cholmcille a cheiliúradh.

Buíochas don tAthair Ó Baoighill a léigh an tAifreann agus do gach duine a tháing amach.







# An Solas Dearg



Chuir Aisteoirí Ghaoth Dobhair léiriú den dráma An Solas Dearg ar an ardán i nDún Éigse i gCaisleáin Uidhilín, Có an Dúin ar an Satharn an 17 Bealtaine. Bhí an dráma á léiriú mar pháirt de Scoil Shamhraidh Shéamuis Uí Néill a bhí a reáchtáil ag Glór Uachtar Tíre atá ag déanamh cuid mhór oibre ag cothú na Gaeilge sa pháirt sin de chontae an Dúin. Chuir bainisteoir Ghlór Uachtar Tíre Emer Ó Hagan agus an lucht eagruithe go léir fáilte mhór roimh na h-aisteoirí agus chuaigh an dráma síos go maith. Bhí córas aistriúchán comhuaineach ar fáil do té nach raibh a gcuid Gaeilge ar an chuid is láidre agus scoth obair déanta ar an aistriúchán ag Eoin Malcolm. Sa phictiúr tá foireann an dráma ag glacadh sos a bhí tuilte go mór acu i ndiaidh an léiriú. Ina gcuideachta tá Emer Ó Hagan ar dheis agus Tony, bainisteoir Dhún Éigse ar chlé. Tá siad ag súil go mór le pilleadh go Caisleán Uidhilín arís.



Gaoth Dobhair
Buaiteoirí Dhuais an Fháinne 2013
Sciath Mhicheáil Mhic Charthaigh
Urraithe ag Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge

# Coláiste Chú Chulainn



Scoláirí Choláiste Oideachais Froebel a bhí ar chúrsa Gaeilge sa Chrannóg faoi scáth Choláiste Chú Chulainn ón 2ú go dtí an 21ú Meitheamh.



Muintir na Crannóige Lá an Chomhneartaithe 1 Meitheamh.

Tony, Teresa, Sally, Meagie, Noirín, Pj, Shauna, Mairead, Neilí agus Mary (ní raibh siad ag an Easbog)

# An Fhéile Phan Ceilteach

# Doire Aibreán 2014






Bhí baill den Chrann Óg páirteach san Fhéile Phan Cheilteach i Mí Aibreán. Bhí an féile ar súil i nDoire Cholmcille agus bhí am breá acu i gcuideachta na gCeiltigh eile as An Fhrainc,

An Bhreatain Bheag, Albain, Oileán Mhanainn, An Choirn agus Éirinn.

**Beidh siad ag seinm ag**

**Fleadh Ceoil na hÉireann**

**i Sligeach i mí Lúnasa.**



# Campaí Samhraidh

a reachtail ag Comhar Chumann Forbartha Ghaoth Dobhair

**ón 30/06/2014 go dtí 22/08/2014**

## Campa 1

it: An Chrann g Aois: 3-6bl

## Campa 2

it: Pobalscoil Ghaoth Dobhair

## Taillí

□30 duine amháin, □50 do bhéirt agus □65 do thriúr

Spórt, Ceol, Ceol Uirlise, Cluichí , Dramaíocht ,Ealaíon srl

Tuilleadh eolais ó 074-9532208 no r-phost chuig cfgd@eircom.net

Le tacaíocht ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta & Gaeltachta

# FÉILE THRAIDISIÚNTA CHNOC FOLA 2014




**CNOC FOLA, CO. DHÚN NA NGALL**

DÉ hAoine, 25 IÚIL - DÉ DOMHNAIGH, 27 IÚIL2014

## Ceardlainn

Bhí Ceardlainn Ceoil, Amhránaíochta agus Drámaíochta faoi scáth an Chomharchumainn agus an Roinn Ealaíon Oidhreachta agus Gaeltachta ar siúl sna 5 bhunscoil sa pharóiste i mí Mheitheamh.

Bhí ráchairt mhór orthu agus thaitin siad go mór leo.

Ba í Súzanne Ní Ghallchóir a bhí ina stiúrthóir ar na ceardlainn thar cheann an Chomharchumann.

## Ceol sa Chrannóg

Gach tráthnóna Dé Céadaoin ó 9ú Iúil beidh an Crann Óg ag seinm ag "Oíche Airneáil" san Chrannóg ón 8.i.n. go dtí 9.30.i.n.

Fáilte roimh an phobal agus cuairteoirí

